2026/1976

9.9.2026

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1976 ÓN gCOIMISIÚN

**an 8 Meán Fómhair 2026**

**lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí pireaclóstróibin a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir 2004/30/CE ón gCoimisiún ([2]), cuimsíodh pireaclóstróibin mar shubstaint ghníomhach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([3]).

(2) Maidir leis na substaintí gníomhacha a chuimsítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE, meastar iad a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus liostaítear iad i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ([4]).

(3) Formheas na substainte gníomhaí pireaclóstróibin, mar a leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, rachaidh sé in éag an 15 Nollaig 2026.

(4) Cuireadh iarratas faoi bhráid na Gearmáine, an Ballstát is rapóirtéir, agus faoi bhráid na hUngáire, an Ballstát is comhrapóirtéir, ar fhormheas na substainte gníomhaí pireaclóstróibin a athnuachan, i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún ([5]) agus laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear san Airteagal sin.

(5) Chuir an t-iarratasóir na sainchomhaid fhorlíontacha is gá faoi bhráid an Bhallstáit is rapóirtéir, an Bhallstáit is comhrapóirtéir, an Choimisiúin agus an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012. Chinn an Ballstát is rapóirtéir an t-iarratas a bheith inghlactha.

(6) D'ullmhaigh an Ballstát is rapóirtéir dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan i gcomhairle leis an mBallstát is comhrapóirtéir agus chuir sé faoi bhráid an Údaráis agus an Choimisiúin í an 19 Feabhra 2018. Sa dréacht-tuarascáil uaidh maidir le measúnú ar athnuachan, mhol an Ballstát is rapóirtéir go ndéanfaí an formheas maidir le pireaclóstróibin a athnuachan.

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1107/oj.

([2]) Treoir 2004/30/CE ón gCoimisiún an 10 Márta 2004 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun aigéad beansóch, flasasulfúrón agus pireaclóstróibin a chuimsiú mar shubstaintí gníomhacha (IO L 77, 13.3.2004, lch. 50, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2004/30/oj).

([3]) Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1991/414/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an liosta de shubstaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/540/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 252, 19.9.2012, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2012/844/oj).

(7) Chuir an tÚdarás an sainchomhad achomair forlíontach ar fáil don phobal. Scaip an tÚdarás an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan ar an iarratasóir agus ar na Ballstáit freisin chun barúlacha a fháil uathu agus sheol sé comhairliúchán poiblí ina leith. Chuir an tÚdarás na barúlacha a fuarthas ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

(8) An 29 Samhain 2019, d'iarr an tÚdarás faisnéis bhreise faoi airíonna réabtha iontálaigh pireaclóstróibine de bhun Airteagal 13(3a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012. Chuir an t-iarratasóir isteach an fhaisnéis is gá chun a chinneadh an gcomhlíonann pireaclóstróibin na critéir chun airíonna réabtha iontálaigh substainte a shainaithint, critéir a leagtar amach i bpointe 3.6.5 agus i bpointe 3.8.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, mar a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2018/605 ón gCoimisiún ([6]).

(9) An 8 Mheithimh 2022, rinne an Ballstát is rapóirtéir an dréacht-tuarascáil nuashonraithe maidir le measúnú ar athnuachan a chur ar fáil don Údarás, do na Ballstáit agus don Choimisiún. Sa dréacht-tuarascáil cothrom le dáta uaidh maidir le measúnú ar athnuachan, rinne an Ballstát is rapóirtéir meastóireacht ar an bhfaisnéis bhreise maidir le hairíonna réabtha iontálaigh pireaclóstróibine agus, i bhfianaise na faisnéise sin, choinnigh sé a mholadh go ndéanfaí formheas pireaclóstróibine a athnuachan.

(10) An 29 Eanáir 2025, chuir an tÚdarás an chonclúid uaidh ([7]) in iúl don Choimisiún inar léiríodh, agus na critéir formheasa a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 á gcur san áireamh, gur féidir coinne a bheith leis go gcomhlíonfaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil pireaclóstróibin na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Níor shainaithin an tÚdarás aon phríomhréimse imní.

(11) An 5 Bealtaine 2026, chuir an Coimisiún an dréacht-thuarascáil athnuachana agus dréacht den Rialachán seo faoi bhráid an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha.

(12) D'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir a bharúlacha a chur isteach maidir leis an gconclúid ón Údarás agus, i gcomhréir le hAirteagal 14(1), an tríú fomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, maidir leis an tuarascáil athnuachana. Chuir an t-iarratasóir a bharúlacha isteach, rinneadh scrúdú cúramach orthu agus cuireadh san áireamh iad.

(13) Maidir le húsáid ionadaíoch amháin nó níos mó a bhaintear as táirge cosanta plandaí amháin ar a laghad agus ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach pireaclóstróibin, suíodh gur comhlíonadh na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(14) Cé go bhfuil an measúnú riosca maidir le formheas na substainte gníomhaí pireaclóstróibin a athnuachan bunaithe ar líon teoranta úsáidí ionadaíocha, níl srian ar na húsáidí lena bhféadfar táirgí cosanta plandaí a bhfuil pireaclóstróibin iontu a údarú mar gheall air sin. Dá bhrí sin, is iomchuí gan an srian a choinneáil ar bun maidir le húsáid a bhaint as ach amháin mar fhuingicíd agus mar rialaitheoir fáis plandaí.

(15) Dá bhrí sin, is iomchuí formheas pireaclóstróibine a athnuachan. I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, i gcomhar le hAirteagal 6 de, is gá, áfach, foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha áirithe.

(16) Is iomchuí é, go háirithe, uasmhéideanna a leagan síos maidir le sulfáit dhémheitile agus tolúéin, arb eisíontais atá ábhartha ó thaobh na tocsaineolaíochta de iad a d'fhéadfadh a bheith i láthair san ábhar teicniúil mar a mhonaraítear é chun a áirithiú nach n-eascróidh aon iarmhairt dhíobhálach ar shláinte an duine as an tsubstaint ghníomhach pireaclóstróibin a úsáidtear i dtáirgí cosantacha plandaí.

([6]) Rialachán (AE) 2018/605 ón gCoimisiún an 19 Aibreán 2018 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 trí chritéir eolaíocha a leagan amach chun airíonna réabtha iontálaigh a chinneadh (IO L 101, 20.4.2018, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/605/oj).

([7]) 'Conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach pireaclóstróibin', in *EFSA Journal* 2025, 23(3);e9257, [Iris EFSA], https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9257. Le fáil ar líne: www.efsa.europa.eu.

(17) Agus toradh an mheasúnaithe riosca á chur san áireamh, is gá a cheangal ar na Ballstáit, agus táirgí cosanta plandaí ina bhfuil pireaclóstróibin á n-údarú acu, aird ar leith a thabhairt ar an measúnú ar chomhfhoirmligh a úsáidtear i dtáirgí cosanta plandaí ina bhfuil pireaclóstróibin, ar chosaint orgánach uisceach agus ar an measúnú riosca do thomhaltóirí, lena n-áirítear trí bhearta maolaithe a fhorchur, i gcás inarb infheidhme.

(18) Thairis sin, is iomchuí faisnéis deimhniúcháin a éileamh chun cur leis an muinín as an gconclúid nach bhfuil aon ábhar imní ann mar gheall ar nochtadh féideartha tomhaltóirí do mheitibilít 500M07 agus chun an sainmhíniú ar iarmhar le haghaidh measúnú riosca maidir le tráchtearraí de bhunadh plandaí nó ainmhíoch a dheimhniú.

(19) Ar deireadh, ós rud é gur forbraíodh eolas eolaíoch agus teicniúil nua maidir le measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag próisis cóireála uisce ar iarmhair substaintí gníomhacha nó a meitibilítí in uisce, arna n-astarraingt chun uisce óil a tháirgeadh, le linn an phróisis meastóireachta, eolas nach raibh ar fáil tráth a cuireadh isteach an sainchomhad forlíontach le haghaidh pireaclóstróibine, go háirithe Treoirdhoiciméad ([8]), ba cheart don iarratasóir faisnéis deimhniúcháin a sholáthar maidir le héifeachtaí na bpróiseas cóireála uisce ar iarmhair phireaclóstróibine nó a meitibilítí a d'fhéadfadh a bheith in uisce dromchla, nuair a astarraingeofar uisce dromchla le haghaidh uisce óil.

(20) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir sin.

(21) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1826 ón gCoimisiún ([9]) cuireadh síneadh le dáta éaga pireaclóstróibin go dtí an 15 Nollaig 2026 chun go bhféadfaí an próiseas athnuachana a chur i gcrích sula rachadh tréimhse formheasa na substainte gníomhaí sin in éag. Ós rud é go ndearnadh cinneadh maidir leis an athnuachan roimh dhul in éag na tréimhse formheasa sin ar cuireadh síneadh léi, áfach, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo tráth is luaithe ná an dáta sin.

(22) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Formheas na substainte gníomhaí a athnuachan**

Déantar formheas na substainte gníomhaí pireaclóstróibin, mar a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, a athnuachan, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011**

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

([8]) ECHA agus EFSA (an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán agus an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), Hofman-Caris, R., Dingemans, M., Reus, A., Shaikh, S. M., Munoz Sierra, J., Karges, U., aus der Beek, T., Nogueiro, E., Lythgo, C., Parra Morte, J. M., Bastaki, M., Serafimova, R., Friel, A., Court Marques, D., Uphoff, A., Bielska, L., Putzu, C., Ruggeri, L., agus Papadaki, P, 'Treoirdhoiciméad maidir le tionchar na bpróiseas cóireáilte uisce ar iarmhair substaintí gníomhacha nó a meitibilítí in uisce a astarraingíodh chun uisce óil a tháirgeadh', in *EFSA Journal* 2023; 21(8),1-108, [Iris EFSA], https://doi.org/10.2903/j.efsa.2023.8194.

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1826 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2026 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha aclóinífein, aimíosulbróm, tréithchineál MBI 600 de Bacillus amyloliquefaciens, beaflubútaimíd, clómasón, ciantrainileapról, ciopróidínil, daimínisíd, déchlórpróp-P, démheataclór, fluidhé-ocsainil, foirmeiteanáit, foiseitil, isifeitimíd, meatalacsail, meatasaclór, peanconasól, feinmeideafam, pirimeacarb, pireaclóstróibin agus aigéad S-scoiteach (IO L, 2026/1826, 29.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1826/oj).

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm agus dáta cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Deireadh Fómhair 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Meán Fómhair 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

| Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais | Ainm IUPAC | Íonacht [1] | Dáta formheasa | Dul in éag an fhormheasa | Forálacha sonracha |
|---|---|---|---|---|---|
| Pireaclóstróibin<br>Uimh. CAS: 175013-18-0<br>Uimh. CIPAC: 657 | meitil 2-({[1-(4-clóraifeinil)-1H-piorasól-3- il] ocsai}meitil)-N-meatocsacarbanaláit | ≥ 980 g/kg<br><br>Ní rachaidh na heisíontais seo a leanas thar na leibhéil seo a leanas san ábhar teicniúil:<br>— Sulfáit dhémheitile: 0,001 g/kg<br>— Tolúéin: 8 g/kg | 1 Deireadh Fómhair 2026 | 30 Meán Fómhair 2041 | Maidir le cur chun feidhme na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, cuirfear san áireamh conclúidí na tuarascála athnuachana ar phireaclóstróibin, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann léi.<br><br>Sa mheasúnú foriomlán seo, tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar na nithe seo a leanas:<br>— na comhfhoirmligh atá i láthair i dtáirgí cosanta plandaí a bhfuil pireaclóstróibin iontu, agus na critéir maidir le comhfhoirmligh neamh-inghlactha a shainaithint mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/574 ón gCoimisiún [2];<br>— nochtadh orgánach uisceach do mheitibilítí ábhartha in urranna comhshaoil uisce agus dríodair agus cosaint orgánach uisceach;<br>— an measúnú riosca do thomhaltóirí, maidir le nochtadh do mheitibilítí pireaclóstróibine, go háirithe 500M07 agus 500M54 (le húsáid ar fhíonchaora);<br>— an measúnú riosca don timpeallacht uisceach le haghaidh na meitibilítí BF 500-15 agus 500M58.<br><br>Cuimseofar bearta maolaithe riosca sna coinníollacha úsáide i gcás inarb infheidhme.<br><br>Cuirfidh an t-iarratasóir isteach faisnéis deimhniúcháin a mhéid a bhaineann leis seo a leanas:<br>(1) Próifíl tocsaineachta na meitibilíte 500M07 chun sainmhínithe na n-iarmhar le haghaidh measúnú riosca (tráchtearraí de bhunadh plandaí nó ainmhíoch) a dheimhniú.<br>(2) Éifeacht na bpróiseas cóireála uisce ar chineál iarmhair na substainte gníomhaí agus a meitibilítí sainaitheanta araon a d'fhéadfadh a bheith in uisce dromchla, nuair a astarraingítear uisce dromchla le haghaidh uisce óil.<br><br>Cuirfidh an t-iarratasóir an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí 1 agus 2 faoi bhráid an Choimisiúin, na mBallstát agus an Údaráis faoin 12 Meán Fómhair 2028. |

[1] Sa tuarascáil athnuachana soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas agus sonraíocht na substainte gníomhaí.
[2] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/574 ón gCoimisiún an 13 Márta 2023 lena leagtar amach rialacha mionsonraithe maidir le comhfhoirmligh neamh-inghlactha i dtáirgí cosanta plandaí a shainaithint i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 75, 14.3.2023, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/574/oj).

Leasaítear mar a leanas an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 540/2011:

(1) i gCuid A, scriostar iontráil 81 maidir le pireaclóstróibin;

(2) i gCuid B, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

| Uimhir | Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais | Ainm IUPAC | Íonacht [1] | Dáta formheasa | Dul in éag an fhormheasa | Forálacha sonracha |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘182 | Pireaclóstróibin<br>Uimh. CAS: 175013-18-0<br>Uimh. CIPAC: 657 | 2-({[1-(4-clóraifeinil)-1H-piorasól-3- il]ocsai}meitil)-N-meatocsacarbamáit mheitile | ≥ 980 g/kg<br>Ní rachaidh na heisíontais seo a leanas thar na leibhéil seo a leanas san ábhar teicniúil:<br>— Sulfáit dhémheitile: 0,001 g/kg<br>— Tolúéin: 8 g/kg | 1 Deireadh Fómhair 2026 | 30 Meán Fómhair 2041 | Maidir le cur chun feidhme na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, cuirfear san áireamh conclúidí na tuarascála athnuachana ar phireaclóstróibin, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann léi.<br>Sa mheasúnú foriomlán seo, tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar na nithe seo a leanas:<br>— na comhfhoirmligh atá i láthair i dtáirgí cosanta plandaí a bhfuil pireaclóstróibin iontu, agus na critéir maidir le comhfhoirmligh neamh-inghlactha a shainaithint mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/574;<br>— nochtadh orgánach uisceach do mheitibilítí ábhartha in urranna comhshaoil uisce agus dríodair agus cosaint orgánach uisceach;<br>— an measúnú riosca do thomhaltóirí, maidir le nochtadh do mheitibilítí pireaclóstróibine, go háirithe 500M07 agus 500M54 (le húsáid ar fhíonchaora);<br>— an measúnú riosca don timpeallacht uisceach le haghaidh na meitibilítí BF 500-15 agus 500M58.<br>Cuimseofar bearta maolaithe riosca sna coinníollacha úsáide i gcás inarb infheidhme.<br>Cuirfidh an t-iarratasóir isteach faisnéis deimhniúcháin a mhéid a bhaineann leis seo a leanas:<br>(1) Próifíl tocsaineachta na meitibilíte 500M07 chun sainmhínithe na n-iarmhar le haghaidh measúnú riosca (tráchtearraí de bhunadh plandaí nó ainmhíoch) a dheimhniú.<br>(2) Éifeacht na bpróiseas cóireála uisce ar chineál iarmhair na substainte gníomhaí agus a meitibilítí sainaitheanta araon a d’fhéadfadh a bheith in uisce dromchla, nuair a astarraingítear uisce dromchla le haghaidh uisce óil.<br>Cuirfidh an t-iarratasóir an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí 1 agus 2 faoi bhráid an Choimisiúin, na mBallstát agus an Údaráis faoin 12 Meán Fómhair 2028.’ |

[1] Sa tuarascáil athnuachana soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas agus sonraíocht na substainte gníomhaí.